

ACHT

an...

maidir le mionaoisigh a chosaint ar ábhar pornagrafach ar an Idirlíon
agus lena leasaítear an tAcht Teileachumarsáide

Airteagal 1. [Raon feidhme na rialachán]

Sainmhínítear an méid seo a leanas san Acht:

- 1) oibleagáidí soláthraithe ábhair phornagrafaigh ar an Idirlíon,
- 2) oibleagáidí soláthraithe seirbhíse íocaíochta agus gnóthas Teileachumarsáide maidir le mionaoisigh a chosaint ar rochtain a fháil ar ábhar pornagrafach,
- 3) cumhachtaí Uachtarán na hOifige Cumarsáide Leictreonaí, dá ngairtear “Uachtarán UKE” anseo feasta, a bhaineann le mionaoisigh a chosaint ar rochtain a fháil ar ábhar pornagrafach,
- 4) rialacha maidir le heintiteas ag a bhfuil teideal dlíthiúil i bhfearann Idirlín agóid a thaisceadh i gcoinne chlárú an fhearainn sin i gClár na bhfearann a úsáidtear chun ábhar pornagrafach a chur ar fáil de shárú ar an Acht.

Airteagal 2. [Sainmhínithe]

Beidh an bhrí seo a leanas leis na téarmaí a úsáidtear san Acht seo:

- 1) mionaoiseach – duine faoi bhun ocht mbliana déag d’aois.
- 2) soláthraí ábhair phornagrafaigh – eintiteas:
 - a) a chuireann ar fáil, laistigh de raon feidhme an fhearainn Idirlín atá i seilbh an eintitis sin, ábhar pornagrafach ar an Idirlíon ar bhealach a n-éascaíonn rochtain ar ábhar den sórt sin ó chríoch Phoblacht na Polainne, nó
 - b) a éascaíonn, laistigh den fhearann Idirlín atá faoi úinéireacht an eintitis sin, ábhar pornagrafach a chur ar fáil d’fhaighteoirí seirbhísí ar bhealach a n-éascaítear rochtain ar ábhar den sórt sin ó chríoch Phoblacht na Polainne,
– sa mhéid gurb ionann ábhar pornagrafach agus cuid shubstaintiúil d’ábhar an tsuímh gréasáin a dtreoraíonn an fearann chuige.
- 3) ábhar pornagrafach – ábhar a léiríonn, i bhfoirm amhaire ar bith, ábhar iarbhrí, curtha i gcéill, táirgthe nó próiseáilte den mhéid a leanas:
 - a) caidreamh collaí lena mbaineann anastómóis infheicthe ball giniúna agus suímh béal le ball giniúna, anas le ball giniúna, anas le hanas, idir daoine den ghnéas eile nó den ghnéas céanna,

- b) gníomh glacaireachta,
- c) gníomh zóifilia nó
- d) íomhá de chleachtais sadach nó masacach i gcomhthéacs gnéasach.

Airteagal 3. [Oibleagáidí soláthraithe ábhair phornagrafaigh cháilithe]

1. Tá sé d'oibleagáid ar sholáthraí ábhair phornagrafaigh córais éifeachtacha fíoraithe aoise a úsáid chun mionaoisigh a chosc ar rochtain a fháil ar ábhar den sórt sin.
2. Ní mór an fíorú aoise a dhéanamh ar bhealach a gcosnaíonn príobháideacht na n-úsáideoirí agus a gcomhlíonann na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta.
3. Measfar córais chun aois faighteora a fhíorú a bheith éifeachtach fiú nuair is féidir le mionaoisigh dul timpeall orthu sa chás go n-éilíonn sé sin bearta agus gníomhaíochtaí urghnácha ó na mionaoisigh sin nach mbeadh súil le gnáthfhaighteoirí a leithéid de bhearta ná gníomhaíochtaí a dhéanamh.
4. Déanfaidh an t-aire atá freagrach as an ríomhairiú, i gcomhairle le hUachtarán UKE agus tar éis tuairim a fháil ó Uachtarán na hOifige um Chosaint Sonraí Pearsanta, trí bhíthin rialacháin, critéir mhionsonraithe a leagan síos a bheidh le comhlíonadh ag córais éifeachtacha chun aois an fhaighteora a fhíorú, bunaithe ar an ngá atá ann an chosaint is éifeachtaí do mhionaoisigh a áirithiú, agus cumais theicniúla á gcur san áireamh agus leibhéal leordhóthanach cosanta sonraí pearsanta agus príobháideachais á áirithiú.

Airteagal 4. [Uachtarán UKE]

1. Is é Uachtarán UKE an t-údarás inniúil maidir le mionaoisigh a chosaint ar ábhar pornagrafach ar an Idirlíon.
2. I measc na ndualgas a shanntar d'Uachtarán UKE tá na nithe a leanas:
 - 1) faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha an Achta;
 - 2) faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an toirmisc ar ábhar pornagrafach a chur ar fáil ar bhealach a n-éascaíonn do mhionaoisigh an t-ábhar a thomhailt;
 - 3) scrúdú a dhéanamh ar éifeachtacht na sásraí chun aois an úsáideora a fhíorú, cigireacht agus a measúnú a dhéanamh orthu maidir le comhlíonadh na gcritéar dá dtagraítear in Airt. 3 mír 4;
 - 4) clár a choinneáil de na páirtithe a chuireann ábhar pornagrafach ar fáil de shárú ar an Acht;
 - 5) taighde a dhéanamh ar réitigh dhlíthiúla agus mionaoisigh a chosaint ar ábhar pornagrafach i dtíortha eile;
 - 6) taighde a dhéanamh ar thionchar na pornagrafaíochta ar mhionaoisigh agus réitigh a chur chun cinn chun cosaint a thabhairt ar ábhar pornagrafach.
3. Gníomhóidh Uachtarán UKE ex officio agus arna iarraidh sin.

Airteagal 5. [An Chomhairle um Chosaint Leanaí i gcoinne Pornagrafaíochta ar an Idirlíon].

1. Feidhmíonn an Chomhairle um Chosaint Leanaí i gcoinne Pornagrafaíochta ar an Idirlíon, dá ngairtear “an Chomhairle” anseo feasta, faoi Uachtarán UKE. Is é an Bord an comhlacht a thugann tuairim agus comhairle de chuid Uachtarán UKE.
2. Áirítear an méid seo a leanas ar réimsí gníomhaíochta na Comhairle:
 - 1) taighde a thionscnamh ar an tionchar a bhíonn ag ábhar pornagrafach ar mhionaoisigh agus mionaoisigh a chosaint ar ábhar pornagrafach,
 - 2) tionscadail a thionscnamh maidir le mionaoisigh a chosaint ar ábhar pornagrafach,
 - 3) tuairimí a thabhairt maidir le dréachtachtaí dlí agus doiciméid eile a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar mhionaoisigh a chosaint ar ábhar pornagrafach.
3. Beidh an Bord comhdhéanta de chúigear comhaltaí arna gceapadh ag Uachtarán UKE mar a leanas:
 - 1) ceapfar triúr comhaltaí den Chomhairle as measc iarrthóirí arna n-ainmniú ag eagraíochtaí a bhfuil baint acu le leanaí agus daoine óga a chosaint ar an phornagrafaíocht;
 - 2) ceapfar comhalta amháin den Bhord as measc iarrthóirí arna n-ainmniú ag eagraíochtaí a phléann le leasanna príobháideachais;
 - 3) ceaptar comhalta amháin den Chomhairle as measc iarrthóirí arna n-ainmniú ag eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar leasanna na soláthraithe seirbhíse dá dtagraítear in Airteagal 12 nó in Airteagal 14 den Acht maidir le seirbhísí leictreonacha.
4. Cumhdófar caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí na Comhairle ón gcuid sin de bhuiséad an stáit a riarann an tAire atá freagrach as an ríomhairiú.
5. Is é Uachtarán UKE a chuirfidh tacaíocht oifige ar fáil don Chomhairle.
6. Beidh comhaltaí na Comhairle agus gairmithe a dtugtar cuireadh dóibh freastal ar an gcruinniú agus a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den cheantar ina dtionóltar an cruinniú agus a fhreastalaíonn ar an gcruinniú i dteideal liúntas agus aisíocaíocht speansas taistil agus lóistín i gcomhréir leis na rialacha atá leagtha síos sna rialacha i leith an fhorais agus méid na dteidlíochtaí is iníoctha le baill foirne i leith misin laistigh den chríoch náisiúnta.
7. Cinnfidh an tAire atá i gceannas ar theicneolaíocht na faisnéise, trí bhíthin rialacháin, an modh mionsonraithe d’fheidhmiú na Comhairle um Leanaí a Chosaint ar Phornagrafaíocht ar an Idirlíon, agus an gá atá le feidhmiú éifeachtach na Comhairle á chur san áireamh.
8. Sa rialachán dá dtagraítear i mír 1, leagfar síos an méid seo a leanas:
 - 1) eagrú na Comhairle;

2) rialacha nós imeachta na Comhairle.

Airteagal 6. [Clár na bhfearann a úsáidtear chun ábhar pornagrafach a sholáthar de shárú ar an dlí]

1. Coinníonn Uachtarán UKE clár de na fearainn a úsáidtear chun ábhar pornagrafach atá contrártha leis an Acht a chomhroinnt, dá ngairtear an “Clár” anseo feasta.
2. Áireofar an méid seo a leanas sa Chlár:
 - 1) ainm agus seoladh an fhearainn idirlín trína gcuirtear an t-ábhar pornagrafach ar fáil ar bhealach atá contrártha le forálacha Airt. 3;
 - 2) dáta agus am na hiontrála, an leasaithe nó an scriosta.
3. Cuirfear fearainn idirlín dá dtagraítear i mír 2(1) isteach sa Chlár ar choinníoll gur ábhar pornagrafach é cuid shuntasach d’ábhar an tsuímh gréasáin ar chuige a threoraítear an fearann sin.
4. Tá an Clár oscailte do ghnóthais teileachumarsáide a sholáthraíonn seirbhísí rochtana idirlín agus do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta.
5. Coinneofar an clár i gcóras TFC lenar féidir faisnéis a tharchur go huathoibríoch chuig córais TFC na ngnóthas teileachumarsáide a sholáthraíonn seirbhísí rochtana idirlín agus chuig soláthraithe seirbhísí íocaíochta.
6. Déanfaidh an tAire atá freagrach as ríomhairiú, i gcomhairle le hUachtarán UKE, na ceanglais theicniúla mhionsonraithe maidir le hoibriú an Chláir a chinneadh trí bhíthin rialacháin, agus an gá atá le slándáil sonraí a chinntiú agus an gá atá le faisnéis a sholáthar go huathoibríoch d’fhiontair theileachumarsáide a sholáthraíonn seirbhísí rochtana ar an idirlíon agus soláthraithe seirbhíse íocaíochta á gcur san áireamh.

Airteagal 7. [Iontráil sa Chlár]

1. Déanfaidh Uachtarán UKE iontráil sa Chlár, leasú nó scriosadh iontrála ex officio.
2. Beidh éifeacht le hiontráil sa Chlár, lena leasú nó lena chealú tráth a fhoilseofar sa Chlár é.
3. Féadfaidh duine ar bith fearann Idirlín dá dtagraítear in Airt. 6(2)(1) a thuairisciú chuig Uachtarán UKE. Féadfaidh údar a chur sa tuarascáil.
4. Déanfaidh Uachtarán UKE, ar a thionscnamh féin nó tar éis dó an fógra dá dtagraítear i mír 2 a fháil, an fearann idirlín dá dtagraítear in Airteagal 6(2)(1) a iontráil sa Chlár agus cuirfidh sé an fógróir ar an eolas faoi ar bhealach atá comhsheasmhach leis an mbealach a ndearnadh an fógra.
5. Cuirfidh Uachtarán UKE faisnéis ar fáil ar shuíomh gréasáin Fheasachán Faisnéise Poiblí na hOifige um Chumarsáid Leictreonach ina sonrófar an dóigh a ndéanfar na fógraí dá dtagraítear i mír 2.

Airteagal 8. [Fógra maidir le hiontráil sa Chlár]

1. Agus fearann á chlárú ag Uachtarán UKE sa Chlár, seolfaidh sé ráiteas faoin iontráil mar aon le húdar agus lua gur féidir agóid a dhéanamh chuig an seoladh ríomhphoist a shonraítear faoin bhfearann Idirlín sin mar sheoladh teagmhála.
2. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a dhréachtú i bPolainnis. Mura ndéantar an fearann dá dtagraítear in Airteagal 6(2)(1) a chothabháil sa Pholainnis, cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil freisin i dteangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh.
3. Measfar faisnéis a sheoltar chuig seoladh leictreonach a bheith seachadta go héifeachtach ar dháta a hiontrála sa chóras TFC, mura bhfaigheann Uachtarán UKE teachtaireacht uathoibríoch ón gcóras TFC nár seachadadh an fhaisnéis chuig an seoladh ríomhphoist sonraithe. Sa chás sin, déanfaidh Uachtarán UKE an dara iarracht teagmháil a dhéanamh, tráth nach luaithe ná 24 uair an chloig tar éis an chéad fhaisnéis a sheoladh.
4. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar Uachtarán UKE an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar má tá feidhm ag ceann amháin, ar a laghad, de na himthosca seo a leanas:
 - 1) níl faisnéis shoiléir gan débhrí ar an bhfearann Idirlín i dtaca le seoladh ríomhphoist ar leathanach baile anfhearainn Idirlín, ar fholeathanach faisnéise teagmhála atá marcáilte go soiléir agus gan débhrí ar an leathanach baile nó in ábhar na rialachán atá ar fáil ó leathanach baile an fhearainn Idirlín, agus ní féidir seoladh ríomhphoist den sórt sin don suibscríobhaí fearainn a fháil freisin ón mbunachar sonraí Whois atá ar fáil go poiblí agus atá ábhartha do thír an chláraithe fearainn;
 - 2) déantar an fearann Idirlín a chothabháil i dteanga nach teanga de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh í;
 - 3) in ainneoin dhá iarracht an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar le heatramh nach lú ná 24 uair an chloig, faigheann Uachtarán UKE, mar fhreagairt ar na hiarrachtaí sin, teachtaireacht uathoibríoch ón gcóras cumarsáide sonraí nach féidir an fhaisnéis sin a sheachadadh chuig an seoladh ríomhphoist atá luaite.

Airteagal 9. [Oibleagáidí na ngnóthas teileachumarsáide a sholáthraíonn seirbhísí rochtana idirlín agus soláthraithe seirbhísí íocaíochta]

1. Beidh sé d'oibleagáid ar an oibreoir teileachumarsáide a sholáthraíonn seirbhísí rochtana ar an Idirlíon an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - 1) rochtain ar shuíomhanna gréasáin a oibríonn ainmneacha fearainn idirlín a iontráladh sa Chlár a chosc, gan táille a ghearradh, trí iad a bhaint de chórais TFC na ngnóthas teileachumarsáide a úsáidtear chun ainmneacha fearainn idirlín a

athrú go seoltaí IP, tráth nach déanaí ná 48 n-uaire an chloig tar éis iontráil a dhéanamh sa Chlár;

- 2) glaonna a thagraíonn d'ainmneacha fearainn idirlín a iontráladh sa Chlár a atreorú, gan táille a ghearradh, chuig suíomh gréasáin atá ainmnithe chun na críche sin i bhFeasachán Faisnéise Poiblí na hOifige um Chumarsáid Leictreonach, ina bhfuil cumarsáid atá dírithe ar fhaighteoirí na seirbhíse rochtana idirlín, lena n-áirítear, go háirithe, faisnéis faoin gcúis leis an ainm fearainn idirlín atá á lorg a iontráil sa chlár sin;
 - 3) rochtain saor in aisce a chur ar fáil ar shuíomhanna gréasáin a úsáideann ainmneacha fearainn a baineadh den Chlár, tráth nach déanaí ná 48 n-uair an chloig tar éis an t-ainm fearainn idirlín a scríosadh ón gClár.
2. Beidh cosc ar sholáthróirí seirbhísí íoctha rochtain a sholáthar ar sheirbhísí íoctha ar shuíomhanna gréasáin a úsáideann na hainmneacha fearainn idirlín ar iontráladh sa Chlár iad.
 3. I gcás ina soláthraítear seirbhísí íocaíochta ar shuíomh gréasáin a úsáideann ainm fearainn Idirlín ar iontráladh sa Chlár é, beidh sé d'oibleagáid ar an soláthraí seirbhísí íocaíochta scor de na seirbhísí sin a sholáthar laistigh de 30 lá tar éis iontráil an ainm fearainn sa Chlár.

Airteagal 10. [Agóid a thaisceadh i gcoinne fearann idirlín a chlárú sa Chlár]

1. Féadfaidh eintiteas a bhfuil teideal dlíthiúil aige ar ainm fearainn idirlín a iontráladh sa Chlár agóid a thaisceadh le hUachtarán UKE i gcoinne an t-ainm fearainn a iontráil sa Chlár.
2. Beidh an méid seo a leanas san iarraidh dá dtagraítear i mír 1:
 - 1) lua ar an bhfearann idirlín lena mbaineann;
 - 2) údar leis an bhfearann a bhaint den Chlár;
 - 3) sonraí aitheantais an eintitis ag a bhfuil teideal dlíthiúil ar an bhfearann Idirlín:
 - a) céadainm nó céadainmneacha agus sloinne, seoladh cónaithe — i gcás daoine nádúrtha,
 - b) ainm (cuideachta) an eintitis, seoladh na hoifige cláraithe, uimhir ón gclár ábhartha — i gcás daoine dlítheanacha agus aonaid eagraíochtúla nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu,
 - c) ainm agus sloinne an duine atá údaráithe chun ionadaíocht a dhéanamh ar an eintiteas a bhfuil teideal dlíthiúil aige ar an bhfearann Idirlín mar aon leis an údarú — más infheidhme,
 - d) sonraí lenar féidir a fhíorú an bhfuil teideal dlíthiúil ag an duine atá ag taisceadh an fhógra freasúra ar an bhfearann Idirlín is ábhar don fhreasúra.

3. Más rud é, tar éis ainm fearainn agus seoladh a iontráil sa Chlár, go scoireann eintiteas a sholáthraíonn ábhar pornagrafach ar an bhfearann sin d'ábhar pornagrafach a sholáthar nó go dtugann sé isteach uirlisí éifeachtacha fíoraithe aoise, féadfaidh an t-eintiteas sin iarratas a dhéanamh chuig Uachtarán UKE chun an t-ainm fearainn agus an seoladh a bhaint den Chlár.

Airteagal 11. [Agóid i gcoinne ainm fearainn Idirlín a chlárú sa Chlár a bhreithniú]

1. Déanfaidh Uachtarán UKE an méid seo a leanas:
 - 1) scrúdú ar an achomharc dá dtagraítear in Airteagal 10(1) laistigh de 14 lá tar éis a fhaighte
 - 2) an t-agóidí a chur ar an eolas láithreach faoin modh ar déileáladh leis an agóid trí bhíthin na cumarsáide a d'úsáid an t-agóidí chun an agóid a thaisceadh.
2. Déanfaidh Uachtarán UKE, agus an t-achomharc dá dtagraítear in Airteagal 10(1) á scrúdú, an méid a leanas:
 - 1) an agóid sin a chur san áireamh sna cásanna seo a leanas:
 - a) ní chuirtear an t-ábhar pornagrafach ar fáil trí fhearann Idirlín atá iontráilte sa Chlár nó níl an t-ábhar ina chuid shubstaintiúil d'ábhar an tsuímh gréasáin a dtreoraíonn an fearann sin chuige, nó
 - b) tá córais éifeachtacha i bhfeidhm chun aois an fhaighteora a fhíorú ar an suíomh gréasáin a dtreoraíonn an fearann Idirlín cláraithe sin chuige;
 - 2) neamhaird a thabhairt ar an agóid sin más rud é, maidir leis an ábhar pornagrafach:
 - a) go bhfuil sé ina chuid shubstaintiúil d'ábhar an tsuímh gréasáin chuig a dtreoraíonn an fearann sin atá cláraithe sa Chlár, agus
 - b) go gcuirtear ar fáil an t-ábhar gan córais fíoraithe aoise éifeachtacha dá dtagraítear in Airteagal 3(1) a chur i bhfeidhm.
3. Ní dhéanfar an t-achomharc dá dtagraítear in Airt. 10(1) nach gcomhlíonann na ceanglais dá dtagraítear in Airt. 10(2) a scrúdú.
4. Is gníomh eile i réimse an riaracháin phoiblí é mainneachtain glacadh leis an achomharc dá dtagraítear in Airteagal 10(2) agus féadfar caingean a thabhairt os comhair na cúirte riaracháin ina aghaidh.
5. Ní bheidh feidhm ag forálacha an Achta um Chód Nós Imeachta Riaracháin an 14 Meitheamh 1960 maidir le himeachtaí scrúdaithe an achomhairc dá dtagraítear in Airt. 10(1).
6. Maidir leis an iarratas dá dtagraítear in Airt. 10(3), beidh feidhm mutatis mutandis ag forálacha mhíreanna 1 go 4.
7. Féadfaidh Uachtarán UKE fearann a bhaint den Chlár ex officio sa chás gur cuireadh sa Chlár de dhearmad é nó sa chás go stopann eintiteas a sholáthraíonn ábhar

pornagrafach ar an bhfearann sin d'ábhar pornagrafach a sholáthar nó sa chás go dtugtar isteach uirlisí éifeachtacha fíoraithe aoise.

Airteagal 12. [Athruithe ar an reachtaíocht atá ann cheana]

Leasaítear an tAcht Teileachumarsáide an 16 Iúil 2004 (Iris na nDlíthe 2024.34) mar a leanas:

1) in Airt. 192(1)(2)(b), cuirtear na focail seo a leanas leis:

"- an [...] maidir le mionaoisigh a chosaint ar ábhar pornagrafach ar an idirlíon agus maidir leis an Acht Teileachumarsáide a leasú;"

2) in Airt. 209(1)(32), cuirtear camóg isteach i ndiaidh na bhfocal 'Uachtarán UKE' agus cuirtear isteach pointe 33 mar a leanas:

"(33) nach gcomhlíonann, laistigh den teorainn ama, na hoibleagáidí a leagtar síos in Airt. 9 den Acht [...] maidir le mionaoisigh a chosaint ar ábhar pornagrafach ar an Idirlíon agus lena leasaítear an tAcht Teileachumarsáide"

Airteagal 13. [Teacht i bhfeidhm]

1. Tiocfaidh an tAcht seo i bhfeidhm 12 mhí tar éis dháta a fhoilsithe, cé is moite d'Airt. 5, a thiocfaidh i bhfeidhm 14 lá tar éis dháta a fhoilsithe.
2. An Rialachán dá dtagraítear in Airt. 3(4), eiseoidh an tAire atá freagrach as ríomhairiú laistigh de shé mhí ó theacht i bhfeidhm an Achta.